



C/2024/6376

22.10.2024

Fógra le haghaidh an ábhair sonraí a bhfuil feidhm ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2722 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2015/1755 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2043 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin, maidir leis

(C/2024/6376)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird an duine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1763 ón gComhairle ⁽¹⁾, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2722 ón gComhairle ⁽²⁾, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755 ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2043 ón gComhairle ⁽⁴⁾ a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin.

Chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart leanúint den duine atá sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbearta sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1763 arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2722 agus i Rialachán (AE) 2015/1755, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2043 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin. Tugtar na forais leis an duine sin a ainmniú san iontráil ábhartha sna hIarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl don duine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/1755, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

An duine lena mbaineann, féadfaidh sé iarraidh ar athbhreithniú an chinidh é a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 20 Meitheamh 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Ardrúnaíocht

RELEX.1

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an chéad athbhreithnithe eile a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2015/1763, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/2722, agus Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2015/1755, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2043 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhurúin.

Cuirtear in iúl don duine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

⁽¹⁾ IO L 257, 2.10.2015, lch. 37.

⁽²⁾ IO L, 2024/2722, 22.10.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2722/oj>.

⁽³⁾ IO L 257, 2.10.2015, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 275, 25.10.2022, lch. 50.